

Treoirlínte

Maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalseirbhísí

Clár ábhair

1	Raon feidhme	3
2	Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe	4
2.1	Tagairtí reachtacha	4
2.2	Giorrúcháin	5
2.3	Sainmhínithe	5
3	Cuspóir	7
4	Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe	7
4.1	Stádas na dtreoirlínte	7
4.2	Ceanglais maidir le tuairisciú	7
5	Treoirlínte maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalseirbhísí	8
	Treoirlíne 1. Rialachas, formhaoirseacht agus doiciméadacht	8
	Treoirlíne 2. Anailís réamhfhoinsithe agus dícheall cuí	10
	Treoirlíne 3. Príomhghnéithe conarthacha	12
	Treoirlíne 4. Slándáil faisnéise	14
	Treoirlíne 5. Straitéisí scoir	15
	Treoirlíne 6. Cearta rochtana agus iniúchóireachta	16
	Treoirlíne 7. Fochonraitheoireacht	18
	Treoirlíne 8. Fógra i scríbhinn chuig na húdaráis inniúla	19
	Treoirlíne 9. Maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe néal-seachfhoinsithe	20

1 Raon feidhme

Cé?

1. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir le húdaráis inniúla agus (i) taisclanna cistí infheistíochta malartacha (CIManna) dá dtagraítear in Airteagal 21(3)(c) agus in Airteagal 21(3), an tríú fomhír, de AIFMD, i gcás nach eintitis airgeadais iad a bhfuil feidhm ag DORA maidir leo, agus (ii) taisclanna GCUInna dá dtagraítear in Airteagal 23(2)(c) de Threoir GCU, i gcás nach eintitis airgeadais iad a bhfuil feidhm ag DORA maidir leo¹.

Cad?

2. Tá feidhm ag na treoirlínte seo maidir leis na ceanglais seo a leanas:
 - a) I ndáil le taisclanna CIManna: Airteagal 21 de AIFMD; Airteagal 98 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2013/231 ón gCoimisiún;
 - b) I ndáil le taisclanna GCU: Airteagail 22, 22a, 23(2) de Threoir GCU; Airteagal 32 de Threoir 2010/43/AE ón gCoimisiún; Airteagail 2(2)(j), 3(1), 13(2), 15, 16 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/438 ón gCoimisiún.

Cathain?

3. Tá feidhm ag na treoirlínte seo ó dháta a bhfoilsithe ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, agus maidir le gach socrú néal-seachfhoinisithe a dhéanfar, a athnuafar nó a leasófar ar an dáta sin nó ina dhiaidh.
4. I bhfianaise chur i bhfeidhm DORA, scoirfidh na Treoirlínte ESMA a bhí ann roimhe seo maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalseirbhísí d'fheidhm a bheith acu maidir leis na heintitis airgeadais sin atá faoi réir DORA dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán céanna. Maidir le taisclanna AIFanna agus taisclanna UCITS dá dtagraítear i mír 1 thuas, beidh feidhm fós leis na Treoirlínte ESMA roimhe seo maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalseirbhísí go dtí dáta foilsithe na dtreoirlínte seo ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais.

¹ Maidir le socruithe néal-seachfhoinisithe, tá "eintitis airgeadais" mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 (Rialachán maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais nó Rialachán 'DORA') faoi réir na rialacha sonracha a leagtar amach i Rialachán DORA agus sna Rialacháin Tharmligthe ghaolmhara ón gCoimisiún agus sna Rialacháin Cur Chun Feidhme ghaolmhara ón gCoimisiún.

2 Tagairtí reachtacha, giorrúcháin agus sainmhínithe

2.1 Tagairtí reachtacha

AIFMD	Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2011 maidir le Bainisteoirí Cistí Infheistíochta Malartacha agus lena leasaítear Treoracha 2003/41/CE agus 2009/65/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 1095/2010 ²
DORA	Rialachán (AE) 2022/2554 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le hathléimneacht dhigiteach oibríochtúil don earnáil airgeadais agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009, (AE) Uimh. 648/2012, (AE) Uimh. 600/2014, (AE) Uimh. 909/2014 agus (AE) 2016/1011 ³
RGCS	Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE ⁴
Rialachán ESMA	Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún ⁵
Rialachán Tarmligthe (AE) 2013/231 ón gCoimisiún	Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 231/2013 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2012 lena bhforlíontar Treoir 2011/61/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí, coinníollacha ginearálta oibríochta, taisclanna, gearáil, trédhearcacht agus maoirseacht ⁶

² IO L 174, 1.7.2011, lch. 1.

³ IO L 333, 14.12.2022, lgh. 1-79

⁴ IO L 119, 4.5.2016, lgh. 1-88

⁵ IO L 331, 15.12.2010, lch. 84

⁶ IO L 83, 22.3.2013, lch. 1

Treoir 2010/43/EU ón gCoimisiún

Treoir 2010/43/AE ón gCoimisiún an 1 Iúil 2010 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla, coinbhleachtaí leasa, iompar gnó, bainistiú riosca agus inneachar an chomhaontaithe idir taisclanna agus cuideachta bainistíochta⁷

Treoir GCUI

Treoir 2009/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le gnóthais le haghaidh comhinfeistíochta in urrúis inaistrithe (GCUI)⁸

2.2 Giorrúcháin

AE

An tAontas Eorpach

CSP

soláthraí néalseirbhíse

ESMA

An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí

2.3 Sainmhínithe

feidhm

aon phróisis, seirbhísí nó gníomhaíochtaí;

feidhm chriticiúil nó thábhachtach

aon fheidhm a gcuirfeadh a locht nó a cliseadh uirthi isteach go hábhartha ar na nithe seo a leanas:

- a) comhlíontacht gnólachta lena oibleagáidí faoin reachtaíocht is infheidhme;
- b) feidhmíocht airgeadais gnólachta; nó
- c) fóntacht nó leanúnachas príomhsheirbhísí agus príomhghníomhaíochtaí gnólachta;

fochonraitheoireacht

cás ina n-aistríonn CSP an fheidhm seachfhoinsithe (nó cuid den fheidhm sin) a thuilleadh chuig soláthraí seirbhíse eile faoi shocrú seachfhoinsithe;

⁷ IO L 176, 10.7.2010, Ich. 42

⁸ IO L 302, 17.11.2009, Ich. 32

<i>gnólachtaí</i>	a) taisclanna dá dtagraítear in Airteagal 21(3)(c) agus in Airteagal 21(3), an tríú fomhír, de AIFMD (“taisclanna cistí infheistíochta malartacha (AIFanna)”); b) taisclanna dá dtagraítear in Airteagal 23(2)(c) de Threoir GCU (“taisclanna GCUInna”).
<i>néalríomhaireacht néil/néal</i> ⁹	nó paraidím chun rochtain líonra a chumasú ar chomhthiomsú inscálaithe agus leaisteach d’acmhainní fisiciúla nó fóirúla inroinnte (mar shampla freastalaithe, córais oibriúcháin, líonraí, bogearraí, feidhmchláir agus trealamh stórála) le soláthar féinseirbhíse agus le riar ar éileamh;
<i>néalseirbhísí</i>	seirbhísí a sholáthraítear trí úsáid a bhaint as néalríomhaireacht;
<i>samhail cur chun úsáide néil</i>	an chaoi a bhféadfadh néal a eagrú bunaithe ar rialú agus ar chomhroinnt acmhainní fisiciúla nó fóirúla. I measc na samhlacha cur chun úsáide néil tá néalta pobail ¹⁰ , hibrídeacha ¹¹ , príobháideacha ¹² agus poiblí ¹³ ;
<i>socrú néal-seachfhoinsithe</i>	leagan amach de chineál ar bith, lena n-áirítear socrúithe tarmiligin: (i) idir gnólacht agus CSP trína gcomhlíonann an CSP feidhm a ndéanadh an gnólacht féin murach sin; nó (ii) idir gnólacht agus tríú páirtí nach CSP é ach a bhraitheann go mór ar CSP chun feidhm a chomhlíonadh a ndéanadh an gnólacht féin murach sin. Sa chás sin, ba cheart tagairt do ‘CSP’ sna treoirínte seo a léamh mar thagairt do thríú páirtí den sórt sin.
<i>soláthraí néalseirbhíse</i>	néalseirbhísí tríú páirtí a sholáthraíonn néalseirbhísí faoi shocrú néal-seachfhoinsithe;

⁹ Is minic a ghiorraítear néalríomhaireacht go ‘néal-/’néil’. Úsáidtear an téarma ‘néal-/’néil’ síos tríd an doiciméad seo ar mhaithe le heascaíocht na tagartha.

¹⁰ Samhail cur chun úsáide néil ina dtacaítear le agus ina roinntear néalseirbhísí go heisiach le buíon shonrach de chustaiméirí néalseirbhíse a bhfuil ceanglais choiteanna agus caidreamh acu le chéile, agus ina rialaíonn comhalta amháin ar laghad den bhuíon sin na hacmhainní;

¹¹ Samhail cur chun úsáide néil ina mbaintear feidhm as ar a laghad dhá shamhail éagsúla cur chun úsáide néil

¹² Samhail cur chun úsáide néil ina n-úsáideann custaiméir aonair néalseirbhíse néalseirbhísí go heisiach, agus ina rialaíonn an custaiméir néalseirbhíse sin na hacmhainní

¹³ Samhail cur chun úsáide néil ina bhféadfadh néalseirbhísí a bheith ar fáil d’aon chustaiméir néalseirbhíse agus ina rialaíonn an soláthraí néalseirbhíse na hacmhainní

3 Cuspóir

5. Tá na treoirlínte seo bunaithe ar Airteagal 16(1) de Rialachán ESMA. Is iad cuspóirí na dtreoirlínte seo cleachtais mhaoirseachta atá comhsheasmhach, éifeachtúil agus éifeachtach a bhunú laistigh den Chóras Eorpach um Maoirseacht Airgeadais (CEMA), agus cur i bhfeidhm coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach na gceanglas dá dtagraítear i Roinn 1.1 faoin gceannteideal ‘Cad?’ a áirithiú i gcás seachfhoinsiú ag gnólachtaí chuig CSPanna. Go háirithe, tá sé mar aidhm leis na treoirlínte seo cabhrú le gnólachtaí agus leis na húdaráis inniúla na rioscaí agus na dúshláin a eascraíonn as socruithe néal-seachfhoinsithe a shainaithint, aghaidh a thabhairt orthu agus faireachán a dhéanamh orthu, cuir i gcás an cinneadh seachfhoinsiú a dhéanamh, roghnú soláthraí néalseirbhíse, faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí seachfhoinsithe agus foráil a dhéanamh do straitéisí scoir.

4 Comhlíonadh agus oibleagáidí tuairiscithe

4.1 Stádas na dtreoirlínte

6. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, déanfaidh údaráis inniúla agus rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht na treoirlínte seo a chomhlíonadh.
7. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo ina leith iad a chomhlíonadh trína n-ionchorprú ina gcreataí náisiúnta dlí agus/nó maoirseachta de réir mar is iomchuí, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil treoirlínte ar leith dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Sa chás sin, ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú trína maoirseacht go gcomhlíonann gnólachtaí na treoirlínte.

4.2 Ceanglais maidir le tuairisciú

8. Laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais, ní mór do na húdaráis inniúla a bhfuil feidhm ag na treoirlínte seo maidir leo fógra a thabhairt do ESMA maidir le cé acu (i) an bhfuil na treoirlínte a gcomhlíonadh acu, (ii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh ach go bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh, nó (iii) nach bhfuil na treoirlínte á gcomhlíonadh acu agus nach bhfuil sé beartaithe acu iad a chomhlíonadh.
9. I gcás neamhchomhlíonadh, ní mór do na húdaráis inniúla fógra a thabhairt do ESMA freisin laistigh de dhá mhí ó dháta foilsithe na dtreoirlínte ar shuíomh gréasáin ESMA i dteangacha oifigiúla uile an Aontais faoi na cúiseanna atá acu gan na treoirlínte a

chomhlíonadh. Tá teimpléad le haghaidh fógraí a thabhairt ar fáil ar shuíomh gréasáin ESMA. Agus an teimpléad líonta amach, déanfar é a tharchur chuig ESMA.

10. Ní cheanglaítear ar ghnólachtaí a thuairisciú an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

5 Treoirlínte maidir le seachfhoinsiú chuig soláthraithe néalseirbhísí

Treoirlíne 1. Rialachas, formhaoirseacht agus doiciméadacht

11. Ba cheart go mbeadh straitéis néal-seachfhoinsithe a bheadh sainithe agus cothrom le dáta i bhfeidhm ag gnólacht a bheadh comhsheasmhach le straitéisí ábhartha agus le beartais agus próisis inmheánacha an ghnólachta, lena n-áireofaí i ndáil le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide, slándáil faisnéise agus bainistiú riosca oibríochtúil.
12. Ba cheart do ghnólacht an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a) na freagrachtaí a shannadh go soiléir maidir le doiciméadú, bainistiú agus rialú a dhéanamh ar shocruithe néal-seachfhoinsithe laistigh dá eagraíocht;
 - b) acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na treoirlínte seo agus na ceanglais dhlíthiúla uile is infheidhme maidir lena socruithe néal-seachfhoinsithe;
 - c) feidhm formhaoirseachta néal-seachfhoinsithe a bhunú nó baill foirne shinsearacha a ainmniú a bheidh freagrach go díreach don chomhlacht bainistíochta, agus a bheidh freagrach as na rioscaí a bhaineann le socruithe néal-seachfhoinsithe a bhainistiú agus maoirseacht a dhéanamh orthu. Agus an treoirlíne seo á comhlíonadh acu, ba cheart do ghnólachtaí cineál, scála agus castacht a ngnó a chur san áireamh, lena n-áirítear i dtéarmaí riosca don chóras airgeadais, agus na rioscaí a bhaineann go dlúth leis na feidhmeanna seachfhoinsithe agus a áirithiú go mbeidh na scileanna teicniúla ábhartha ag a gcomhlacht bainistíochta chun na rioscaí a bhaineann le socruithe néal-seachfhoinsithe a thuiscint. Ba cheart do ghnólachtaí beaga agus do ghnólachtaí nach bhfuil chomh casta sin, ar a laghad, a áirithiú go ndéanfar cúraimí agus freagrachtaí maidir le bainistiú socruithe néal-seachfhoinsithe agus i ndáil le maoirseacht a dhéanamh orthu a roinnt go soiléir.
13. Ba cheart do ghnólacht faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na ngníomhaíochtaí, ar na bearta slándála agus ar a mhéid a chloíonn a chuid CSPanna le leibhéil seirbhíse comhaontaithe. Ba cheart go mbeadh an faireachán sin rioscabhunaithe, agus béim ar leith á leagan ar na feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a seachfhoinsíodh cheana féin.

14. Ba cheart do ghnólacht athmheasúnú a dhéanamh go tréimhsiúil ar cé acu a bhaineann a shocruithe néal-seachfhoinsithe le feidhm chriticiúil nó tábhachtach agus aon uair a bheidh athrú ábhartha tagtha ar riosca, ar chineál nó ar scála feidhme seachfhoinsithe.
15. Ba cheart do ghnólacht clár faisnéise nuashonraithe a choinneáil ar bun maidir lena shocruithe néal-seachfhoinsithe uile, agus idirdhealú á dhéanamh idir seachfhoinsiú feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha agus socruithe seachfhoinsithe eile. Agus idirdhealú á dhéanamh idir seachfhoinsiú feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha agus socruithe seachfhoinsithe eile, ba cheart achomre ghairid a sholáthar ar na cúiseanna maidir le cibé a mheastar an fheidhm seachfhoinsithe a bheith criticiúil nó tábhachtach. Agus an dlí náisiúnta á chur san áireamh, ba cheart do ghnólacht taifead a choinneáil chomh maith ar shocruithe néal-seachfhoinsithe foirceanta ar feadh tréimhse ama iomchuí.
16. Maidir leis na socruithe néal-seachfhoinsithe a bhaineann le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, ba cheart an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a áireamh sa chlár le haghaidh gach socrú néal-seachfhoinsithe:
 - a) uimhir thagartha;
 - b) an dáta tosaigh agus, de réir mar is infheidhme, an chéad dáta athnuachana conartha eile, an dáta deiridh agus/nó na tréimhsí fógra le haghaidh CSP agus le haghaidh an ghnólaigh;
 - c) cur síos gairid ar an bhfeidhm seachfhoinsithe, lena n-áirítear na sonraí a sheachfhoinseítear agus cibé an bhfuil sonraí pearsanta san áireamh sna sonraí sin (mar shampla trí 'tá' nó 'níl' a shonrú sa réimse sonraí ar leith);
 - d) catagóir sannta ag an ghnólacht lena léirítear cineál na feidhme seachfhoinsithe (mar shampla feidhm teicneolaíochta faisnéise, feidhm rialaithe) ar cheart go n-éascófaí léi sainathint na gcineálacha éagsúla socruithe néalríomhaireachta seachfhoinsithe;
 - e) cibé an dtacaíonn an fheidhm seachfhoinsithe le hoibríochtaí gnó atá criticiúil ó thaobh ama de;
 - f) ainm agus ainm branda (más ann dó) an CSP, a thír chlárúcháin, a uimhirchlárúcháin chorparáideach, a aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (i gcás ina bhfuil sé ar fáil), a sheoladh cláraithe, a shonraí teagmhála ábhartha agus ainm a mháthairchuideachta (más ann di);
 - g) dlí rialaithe an tsocraithe eisfhoinisithe néalríomhaireachta agus, más ann dó, an rogha dlínse;
 - h) cineál na néalseirbhísí agus na samhlacha imlonnaithe agus cineál sonrach na sonraí atá le coinneáil agus na suíomhanna (eadhon réigiúin nó tíortha) ina bhféadfar sonraí mar sin a stóráil;
 - i) dáta an mheasúnaithe is déanaí ar chriticiúlacht nó ar thábhacht na feidhme seachfhoinsithe agus dáta an chéad mheasúnaithe eile atá beartaithe;
 - j) dáta an mheasúnaithe/an iniúchta riosca is déanaí ar CSP mar aon le hachomre ghearr ar na príomhthorthaí, agus dáta an chéad mheasúnaithe/an chéad iniúchta riosca eile atá beartaithe;

- k) an duine aonair nó an comhlacht cinnteoireachta sa ghnólacht a d'fhormheas an socrú néal-seachfhoinsithe;
 - l) i gcás inarb infheidhme, ainmneacha aon fhoichonraitheora a ndéantar feidhm chriticiúil nó thábhachtach (nó codanna ábhartha díobh) a chur faoi fhoichonraitheoireacht ina leith, lena n-áirítear na tíortha ina gcláraítear na fosholáthraithe, áit a ndéanfar an tseirbhís faoi fhoichonradh, agus na suíomhanna (eadhon réigiúin nó tíortha) ina stórálfar na sonraí;
 - m) an costas bliantúil buiséid measta a bhaineann leis an socrú néal-seachfhoinsithe.
17. Maidir leis na socruithe néal-seachfhoinsithe a bhaineann le feidhmeanna neamhchriticiúla nó neamhtábhachtacha, ba cheart do ghnólacht an fhaisnéis atá le háireamh sa chlár a shainiú bunaithe ar chineál, scála agus castacht na rioscaí a bhaineann go dlúth leis an bhfeidhm seachfhoinsithe.

Treoirlíne 2. Anailís réamhfhoinsithe agus dícheall cuí

18. Sula ndéanfaidh gnólacht aon socrú néal-seachfhoinsithe, ba cheart dó an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a) measúnú a dhéanamh i dtaobh an mbaineann an socrú néal-seachfhoinsithe le feidhm chriticiúil nó thábhachtach;
 - b) na rioscaí ábhartha uile a bhaineann leis an socrú néal-seachfhoinsithe a shainaithint agus a mheasúnú;
 - c) dícheall cuí iomchuí a dhéanamh maidir leis an CSP ionchasach;
 - d) aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar an seachfhoinsiú a shainaithint agus a mheasúnú.
19. Ba cheart an anailís réamh-seachfhoinsithe agus an dícheall cuí ar an CSP ionchasach a bheith comhréireach le cineál, scála agus castacht na feidhme atá beartaithe ag an ngnólacht a sheachfhoinsiú, agus leis na rioscaí a bhaineann go dlúth leis an bhfeidhm sin. Ba cheart a áireamh ann ar a laghad measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an socrú néal-seachfhoinsithe ar rioscaí oibríochtúla, dlíthiúla, comhlíontachta agus clú an ghnólachta.
20. I gcás ina mbaineann an socrú néal-seachfhoinsithe le feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, ba cheart do ghnólacht an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:
- a) measúnú a dhéanamh ar na rioscaí ábhartha uile a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar an socrú néal-seachfhoinsithe, lena n-áirítear rioscaí i ndáil le teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide, slándáil faisnéise, leanúnachas gnó, dlí agus comhlíonadh, rioscaí clú, rioscaí oibríochtúla, agus teorainneacha maoirseachta a d'fhéadfadh a bheith ann don ghnólacht, a eascraíonn as an méid seo a leanas:

- i. an néalseirbhís roghnaithe agus na samhlacha cur chun úsáide atá beartaithe;
 - ii. na próisis ascnaimh agus/nó cur chun feidhme;
 - iii. íogaireacht na feidhme agus na sonraí gaolmhara atá á mbreithniú le seachfhoinsíú agus na bearta slándála ba ghá a dhéanamh;
 - iv. idir-inoibritheacht chórais agus fheidhmchláir an ghnólachta agus an CSP, eadhon an cumas atá acu faisnéis a mhalartú agus úsáid fhrithpháirteach a bhaint as an bhfaisnéis atá malartaithe;
 - v. iniomparthacht shonraí an ghnólachta, eadhon an cumas sonraí an ghnólachta a aistriú go héasca ó CSP amháin go soláthraí eile nó ar ais chuig an ngnólacht;
 - vi. an chobhsaíocht pholaitiúil, an staid slándála agus an córas dlí (lena n-áirítear na forálacha forfheidhmithe dlí atá i bhfeidhm, forálacha an dlí dócmhainneachta a mbeadh feidhm acu i gcás fhéimheacht CSP, na dlíthe maidir le cosaint sonraí atá i bhfeidhm agus an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír faoi RGCS) na dtíortha (laistigh nó lasmuigh den Aontas) ina soláthrófaí na feidhmeanna seachfhoinsithe agus ina ndéanfaí na sonraí seachfhoinsithe a stóráil; i gcás fochonraitheoireacht, na rioscaí breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn má tá an fochonraitheoir lonnaithe i dtríú tír nó i dtír eile seachas CSP agus, i gcás slabhra fochonraitheoireachta, aon riosca breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn, lena n-áirítear i ndáil le heaspa conartha dhírigh idir an gnólacht agus an fochonraitheoir a chuireann an fheidhm seachfhoinsithe i gcrích;
 - vii. comhchruinniú féideartha laistigh den ghnólacht (lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, ar leibhéal a ghrúpa,) arb é is cúis leis socrúithe iomadúla néal-seachfhoinsithe leis an CSP céanna chomh maith le comhchruinniú féideartha laistigh d'earnáil airgeadais an Aontais, arb é is cúis leis roinnt gnólachtaí a bhaineann úsáid as an CSP céanna nó as grúpa beag de CSPanna. Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca comhchruinnithe, ba cheart don ghnólacht a shocrúithe néal-seachfhoinsithe uile (agus, i gcás inarb infheidhme, na socrúithe néal-seachfhoinsithe ar leibhéal a ghrúpa) leis an CSP sin a chur san áireamh;
- b) na tairbhí agus na costais a bhfuiltear ag súil leo a bhaineann leis an socrú néal-seachfhoinsithe a chur san áireamh, lena n-áirítear aon rioscaí suntasacha a mheas a d'fhéadfaí a laghdú nó a bhainistiú ar bhealach ní b'fhearr i gcoinne aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar an socrú néal-seachfhoinsithe.

21. I gcás seachfhoinsíú feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, ba cheart meastóireacht ar oiriúnacht an CSP a áireamh mar chuid de dhícheall cuí. Agus measúnú á dhéanamh ar oiriúnacht an CSP, ba cheart do ghnólacht a áirithiú go bhfuil an cháil ghnó, na scileanna, na hacmhainní (lena n-áirítear acmhainní daonna, TF agus airgeadais), an struchtúr

eagraíochtúil agus, más infheidhme, an t-údarú nó na húdaruithe ábhartha nó an clárúchán nó na clárúcháin ábhartha d'fhonn an fheidhm chriticiúil nó thábhachtach a chomhlíonadh ar bhealach iontaofa agus gairmiúil, agus chun a oibleagáidí a chomhlíonadh le linn thréimhse an tsocraithe néal-seachfhoinsithe, ag an CSP. I measc na dtosca breise atá le cur san áireamh i ndícheall cuí maidir leis an CSP, tá, ach gan bheith teoranta dóibh, na nithe seo a leanas:

- a) slándáil faisnéise a bhainistiú agus go háirithe sonraí pearsanta, rúnda nó sonraí atá íogair ar shlí eile a chosaint;
 - b) an tacaíocht seirbhíse, lena n-áirítear pleananna tacaíochta agus teagmhálacha, agus próisis bainistithe teagmhais;
 - c) na pleananna leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste;
22. I gcás inarb iomchuí agus chun tacú leis an dícheall cuí a chuirtear i gcrích, féadfaidh gnólacht deimhnithe atá bunaithe ar chaighdeáin idirnáisiúnta agus ar thuarascálacha iniúchóireachta seachtracha nó inmheánacha a úsáid freisin.
23. Má thugann gnólacht faoi deara easnaimh shuntasacha agus/nó athruithe suntasacha ar na seirbhísí a sholáthraítear nó ar staid an CSP, ba cheart athbhreithniú pras a dhéanamh ar an anailís réamh-sheachfhoinsithe agus ar an dícheall cuí maidir leis an CSP nó, i gcás inar gá, ba cheart iad a dhéanamh an athuair.
24. I gcás ina ndéanfaidh gnólacht socrú nua nó ina ndéanfaidh sé athnuachan ar shocrú atá ann cheana le CSP a ndearnadh measúnú air cheana, ba cheart dó a chinneadh, ar chur chuige rioscabhunaithe, cibé an bhfuil gá le dícheall cuí a chur i gcrích an athuair.

Treoirline 3. Príomhghnéithe conarthacha

25. Ba cheart cearta agus oibleagáidí faoi seach gnólachta agus a CSP a leagan amach go soiléir i gcomhaontú i scríbhinn.
26. Leis an gcomhaontú i scríbhinn, ba cheart go gceadófaí go sainráite don ghnólacht é a fhoirceannadh, i gcás inar gá.
27. I gcás seachfhoinsiú feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, ba cheart an méid seo a leanas ar a laghad a bheith san áireamh sa chomhaontú i scríbhinn:
- a) cur síos soiléir ar an bhfeidhm seachfhoinsithe;
 - b) dáta tosaigh agus dáta deiridh, i gcás inarb infheidhme, an chomhaontaithe agus na tréimhsí fógra le haghaidh an CSP agus le haghaidh an ghnólachta;
 - c) dlí rialaithe an chomhaontaithe agus, más ann dó, an rogha dlínse;
 - d) oibleagáidí airgeadais an ghnólachta agus an CSP;

- e) cibé an gceadaítear fochonraitheoireacht, agus, má cheadaítear, na coinníollacha faoina gceadaítear amhlaidh, ag féachaint do Threoirlíne 7;
- f) an suíomh/na suíomhanna (eadhon réigiúin nó tíortha) ina soláthrófar an fheidhm seachfhoinsithe agus ina ndéanfar sonraí a phróiseáil agus a stóráil, agus na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh, lena n-áirítear ceanglas fógra a thabhairt don ghnólacht má bheartaíonn an CSP an suíomh/na suíomhanna a athrú;
- g) forálacha maidir le slándáil faisnéise agus cosaint sonraí pearsanta, ag féachaint do Threoirlíne 4;
- h) an ceart atá ag an ngnólacht faireachán a dhéanamh ar bhonn rialta ar fheidhmíocht CSP faoin socrú néal-seachfhoinsithe, ag féachaint do Threoirlíne 6;
- i) na leibhéil seirbhíse comhaontaithe, ar cheart spriocanna feidhmíochta cainníochtúla agus cáilíochtúla a áireamh iontu chun go bhféadfar faireachán tráthúil a dhéanamh ionas gur féidir gníomhaíochtaí ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh gan moill mhíchuí mura gcomhlíontar na leibhéil seirbhíse comhaontaithe;
- j) oibleagáidí tuairiscithe an CSP don ghnólacht agus, de réir mar is iomchuí, na hoibleagáidí tuarascálacha a chur isteach atá ábhartha d'fheidhm shlándála agus do phríomhfheidhmeanna an ghnóilachta, amhail tuarascálacha ullmhaithe ag feidhm iniúchóireachta inmheánaí an CSP;
- k) forálacha maidir le bainistiú teagmhas ag an CSP, lena n-áirítear an oibleagáid atá ar an CSP teagmhais a thuairisciú don ghnólacht gan moill mhíchuí a bhfuil difear déanta acu d'oibriú sheirbhís chonarthaigh an ghnóilachta;
- l) ar cheart don CSP árachas éigeantach a ghlacadh in aghaidh rioscaí áirithe agus, más infheidhme, leibhéil an chumhdacháir árachais iarrtha;
- m) na ceanglais ar an CSP pleananna leanúnachais gnó agus pleananna athshlánaithe ó thubaiste a chur chun feidhme agus a thástáil;
- n) an ceanglas atá ar an CSP an ceart rochtana ('cearta rochtana') a dheonú don ghnólacht, dá údarais inniúla agus d'aon duine eile arna cheapadh ag an ngnólacht nó ag na húdarais inniúla agus iniúchadh ('cearta iniúchóireachta') a dhéanamh ar fhaisnéis, áitreabh, córais agus feistí ábhartha an CSP a mhéid is gá chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an CSP faoin socrú néal-seachfhoinsithe agus ar a chomhlíontacht leis na ceanglais rialála agus chonarthaigh is infheidhme, ag féachaint do Threoirlíne 6;
- o) forálacha chun a áirithiú gur féidir na sonraí a phróiseálann nó a stóráil an CSP thar ceann an ghnóilachta a rochtain, a aisghabháil agus a thabhairt ar ais don ghnólacht de réir mar is gá, ag féachaint do Threoirlíne 5.

Treoirlíne 4. Slándáil faisnéise

28. Ba cheart do ghnólacht ceanglais slándála faisnéise a leagan síos ina bheartais agus ina nósanna imeachta inmheánacha, agus laistigh den chomhaontú i scríbhinn maidir le néal-seachfhoinisí agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na gceanglas sin ar bhonn leanúnach, lena n-áirítear chun sonraí rúnda, pearsanta nó sonraí íogaire eile a chosaint. Ba cheart go mbeadh na ceanglais sin comhréireach le cineál, scála agus castacht na feidhme a sheachfhoinisíonn an gnólacht chuig an CSP agus leis na rioscaí a bhaineann go dlúth leis an bhfeidhm sin.
29. Chun na críche sin, i gcás seachfhoinisí feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, agus gan dochar do na ceanglais is infheidhme faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, ba cheart do ghnólacht, agus cur chuige rioscabhunaithe á chur i bhfeidhm aige, an méid seo a leanas ar a laghad a dhéanamh:
- a) *eagraíocht slándála faisnéise*: a áirithiú go ndéanfar ról agus freagrachtaí slándála faisnéise a leithdháileadh go soiléir idir an gnólacht agus an CSP, lena n-áirítear i ndáil le brath bagairtí, bainistiú teagmhas agus bainistiú paiste, agus a áirithiú go mbeidh an CSP in ann a ról agus a fhreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach;
 - b) *bainistiú céannachta agus rochtana*: a áirithiú go bhfuil sásraí láidre fíordheimhnithe (mar shampla fíordheimhniú ilfhachtóra) agus rialuithe rochtana i bhfeidhm d'fhonn rochtain neamhúdaraíthe ar shonraí an ghnóilachta agus ar néalacmhainní cúil a chosc;
 - c) *criptiú agus bainistiú eochracha*: a áirithiú go n-úsáidfear teicneolaíochtaí criptithe ábhartha, i gcás inar gá, le haghaidh sonraí atá faoi bhealach, sonraí sa chuimhne, sonraí ar fos agus cúltacaí sonraí, in éineacht le príomhréitigh bhainistíochta iomchuí chun teorainn a chur leis an riosca a bhaineann le rochtain neamhúdaraíthe ar na heochracha criptiúcháin; go háirithe, ba cheart don ghnólacht teicneolaíocht agus próisis úrscothacha a chur san áireamh agus a phríomhréiteach bainistíochta á roghnú aige;
 - d) *oibríochtaí agus slándáil líonra*: breithniú a dhéanamh ar leibhéil iomchuí infhaighteachta líonra, leithscaradh líonra (mar shampla aonrú tionóntaí i dtimpeallacht chomhroinnte an néil, deighilt oibríochtúil i ndáil leis an ngréasán, loighic feidhmchláir, córas oibriúcháin, líonra, córas bainistíochta bunachar sonraí [DBMS] agus sraitheanna stórála) agus timpeallachtaí próiseála (mar shampla tástáil, tástáil inghlacthachta úsáideora, forbairt, táirgeadh)
 - e) *comhéadain ríomhchláraithe feidhmchlár (API)*: breithniú a dhéanamh ar shásraí chun na néalseirbhísí a chomhtháthú le córais an ghnóilachta d'fhonn slándáil APIInna a áirithiú (mar shampla beartais agus nósanna imeachta slándála faisnéise a bhunú agus a chothabháil le haghaidh APIInna ar fud comhéadain ilchórais, dlínsí agus feidhmeanna gnó chun nochtadh, modhnú nó scriosadh neamhúdaraíthe sonraí a chosc);
 - f) *leanúnachas gnó agus athshlánú ó thubaiste*: a áirithiú go bhfuil rialuithe éifeachtacha leanúnachais gnó agus athshlánaithe ó thubaiste i bhfeidhm (mar

shampla trí íoscheanglais acmhainneachta a leagan síos, roghanna óstála atá scaipthe go geografach a roghnú, agus an cumas athrú ó cheann go chéile, nó doiciméadacht a iarraidh agus a athbhreithniú lena dtaispeántar bealach iompair shonraí an ghnólachta i measc chórais an CSP, chomh maith le breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht íomhánna meaisín a mhacasamhlú chuig suíomh stórála neamhspleách, atá scoite go leordhóthanach ón líonra nó a thógtar as líne);

- g) *suíomh na sonraí*: cur chuige rioscabhunaithe a ghlacadh maidir le suíomh/suíomhanna stórála sonraí agus próiseála sonraí (eadhon réigiúin nó tíortha);
- h) *comhlíonadh agus faireachán*: a fhíorú go gcomhlíonann an CSP caighdeáin slándála faisnéise a aithnítear go hidirnáisiúnta agus go bhfuil rialuithe slándála faisnéise iomchuí curtha chun feidhme aige (mar shampla trí iarraidh ar an CSP fianaise a sholáthar go ndéanann sé athbhreithnithe ábhartha slándála faisnéise agus trí mheasúnuithe agus tástálacha rialta a dhéanamh ar shocruithe slándála faisnéise an CSP).

Treoirlíne 5. Straitéisí scoir

30. I gcás seachfhoinsíú feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, ba cheart do ghnólacht a áirithiú go bhfuil sé in ann an socrú néal-seachfhoinsithe a fhágáil gan cur isteach go míchuí ar a ghníomhaíochtaí gnó agus ar a sheirbhísí dá chliaint, agus gan dochar ar bith do chomhlíonadh a oibleagáidí faoin reachtaíocht is infheidhme, chomh maith le rúndacht, sláine agus infhaighteacht a chuid sonraí. Chun na críche sin, ba cheart do ghnólacht an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a) pleananna scoir a fhorbairt atá cuimsitheach, doiciméadaithe agus a bhfuil tástáil leordhóthanach déanta orthu. Ba cheart na pleananna sin a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá, lena n-áirítear i gcás athruithe ar an bhfeidhm seachfhoinsithe;
- b) réitigh mhalartacha a shainaithint agus pleananna um aistriú a fhorbairt chun an fheidhm seachfhoinsithe agus na sonraí seachfhoinsithe a bhaint den CSP agus, i gcás inarb infheidhme, ó aon fhothoinseoir, agus iad a aistriú chuig an CSP malartach arna chur in iúl ag an ngnólacht nó ar ais go díreach chuig an ngnólacht. Ba cheart na réitigh sin a shainiú maidir leis na dúshláin a d'fhéadfadh eascairt as suíomh na sonraí, agus na bearta is gá a dhéanamh chun leanúnachas gnó a áirithiú le linn na hidirthréimhse;
- c) a áirithiú go n-áirítear sa chomhaontú i scríbhinn maidir le seachfhoinsíú néalríomhaireachta oibleagáid atá ar an CSP tacú le haistriú ordúil na feidhme seachfhoinsithe, agus leis an bpróiseáil ghaolmhar sonraí, ón CSP agus ó fhochonraitheoir go CSP eile arna léiriú ag an ngnólacht nó go díreach chuig an ngnólacht i gcás ina ngníomhachtaíonn an ghnólacht an straitéis scoir. Maidir leis an oibleagáid tacú le haistriú ordúil na feidhme seachfhoinsithe, agus leis an

láimhseáil ghaolmhar sonraí, ba cheart a áireamh inti, i gcás inarb ábhartha, scriosadh slán na sonraí ó chórais an CSP agus ó aon fhochoonraitheoir.

31. Agus na pleananna imeachta agus na réitigh dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) thuas á bhforbairt aige (“straitéis scoir”), ba cheart don ghnólacht an méid seo a leanas a chur san áireamh:
- a) cuspóirí na straitéise scoir a shainiú;
 - b) na truceartheagmhais a shainiú a bhféadfadh an straitéis scoir a ghníomhachtú. Ba cheart a áireamh orthu sin ar a laghad foirceannadh an tsocraithe néal-seachfhoinsithe ar thionscnamh an ghnóilachta nó an CSP agus cliseadh nó scor tromchúiseach eile de ghníomhaíocht ghnó an CSP;
 - c) anailís tionchair gnó a dhéanamh atá i gcomhréir leis an bhfeidhm seachfhoinsithe chun a shainaithint cad iad na hacmhainní daonna agus na hacmhainní eile a bheadh ag teastáil chun an straitéis scoir a chur chun feidhme;
 - d) ról agus freagrachtaí a shannadh d’fhonn an straitéis scoir a bhainistiú;
 - e) oiriúnacht na straitéise scoir a thástáil, agus úsáid á baint as cur chuige rioscabhunaithe, (mar shampla, trí anailís a dhéanamh ar na costais, an tionchar, na hacmhainní agus na himpleachtaí uainiúcháin a d’fhéadfadh a bheith ag baint le seirbhís seachfhoinsithe a aistriú chuig soláthraí malartach);
 - f) critéir ratha an aistrithe a shainiú.

32. Ba cheart do ghnólacht táscairí maidir le truceartheagmhais na straitéise scoir a chur san áireamh ina fhaireachán agus ina fhormhaoirseacht leanúnach ar na seirbhísí curtha ar fáil ag an CSP faoin socrú néal-seachfhoinsithe.

Treoirlíne 6. Cearta rochtana agus iniúcháireachta

33. Ba cheart do ghnólacht a áirithiú nach gcuirfidh an comhaontú i scríbhinn maidir le néal-seachfhoinsiú teorainn le feidhmiú éifeachtach an ghnóilachta agus an údaráis inniúil maidir leis na cearta rochtana agus iniúcháireachta agus na roghanna maoirseachta ar an CSP.
34. Ba cheart do ghnólacht a áirithiú go gcuirfear san áireamh i bhfeidhmiú na gcearta rochtana agus iniúcháireachta (mar shampla, minicíocht na hiniúcháireachta agus na réimsí agus na seirbhísí atá le hiniúchadh) cibé an mbaineann an seachfhoinsiú le feidhm chriticiúil nó thábhachtach, chomh maith le cineál agus méid na rioscaí agus an tionchair a eascraíonn as an socrú néal-seachfhoinsithe ar an ngnólacht.
35. I gcás ina gcruthaíonn feidhmiú na gcearta rochtana nó iniúcháireachta, nó úsáid teicnící iniúcháireachta áirithe riosca do thimpeallacht an CSP agus/nó cliant CSP eile (mar shampla trí thionchar a imirt ar leibhéal seirbhíse, rúndacht, sláine agus infhaighteacht sonraí), ba cheart don CSP réasúnaíocht shoiléir a sholáthar don ghnólacht maidir leis an bhfáth a gcruthódh sé sin riosca agus ba cheart don CSP teacht ar chomhaontú leis an ngnólacht maidir le bealaí malartacha chun toradh comhchosúil a bhaint amach (mar

shampla, rialuithe sonracha a áireamh atá le tástáil i dtuarascáil/i ndeimhniú sonracha arna tháirgeadh ag an CSP).

36. Gan dochar dá bhfreagracht deiridh maidir le socruithe néal-seachfhoinisithe, chun acmhainní iniúchóireachta a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla agus chun an t-ualach eagraíochtúil ar an CSP agus ar a chliant a laghdú, féadfaidh gnólachtaí na nithe seo a leanas a úsáid:

- a) deimhnithe tríú páirtí agus tuarascálacha iniúchóireachta seachtracha nó inmheánacha arna gcur ar fáil ag an CSP;
- b) iniúchtaí comhthiomsaithe arna ndéanamh i gcomhpháirt le cliant eile den CSP nó iniúchtaí comhthiomsaithe arna ndéanamh ag iniúcháir tríú páirtí arna cheapadh ag cliant iolracha den CSP.

37. I gcás ina ndéantar feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a sheachfhoinsiú, ba cheart do ghnólacht a mheas cibé an bhfuil na deimhnithe tríú páirtí agus na tuarascálacha iniúchóireachta seachtraí nó inmheánacha dá dtagraítear i mír 37(a) leordhóthanach chun a oibleagáidí faoin reachtaíocht is infheidhme a chomhlíonadh, agus ba cheart é a bheith d'aidhm aige gan bheith ag brath ar na deimhnithe agus ar na tuarascálacha sin amháin le himeacht ama.

38. I gcás seachfhoinsiú feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha, níor cheart do ghnólacht úsáid a bhaint as na deimhnithe tríú páirtí agus as na tuarascálacha iniúchóireachta seachtracha nó inmheánacha dá dtagraítear i mír 37(a) ach amháin sna cásanna seo a leanas:

- a) go bhfuil sé sásta go gcumhdaíonn raon feidhme na ndeimhnithe nó na dtuarascálacha iniúchóireachta príomhchórais an CSP (mar shampla próisis, feidhmchláir, bonneagar, lárionaid sonraí), na príomhrialuithe arna sainaitheint ag an ngnólacht agus comhlíonadh na reachtaíochta ábhartha is infheidhme;
- b) go ndéanann sé measúnú críochnúil ar ábhar na ndeimhnithe nó na dtuarascálacha iniúchóireachta ar bhonn rialta agus go bhfíoraíonn sé nach bhfuil na deimhnithe nó na tuarascálacha imithe i léig;
- c) go n-áirithíonn sé go gcumhdaítear príomhchórais agus príomhrialuithe an CSP i leaganacha de na deimhnithe nó de na tuarascálacha iniúchóireachta a bheidh ann amach anseo;
- d) go bhfuil sé sásta leis an bpáirtí deimhniúcháin nó iniúchóireachta (mar shampla maidir lena cháilíochtaí, lena shaineolas, lena athfheidhmíocht nó fíorú na fianaise sa bhunchomhad iniúchóireachta chomh maith le huainíocht na cuideachta deimhniúcháin nó iniúchóireachta);
- e) go bhfuil sé sásta go n-eisítear na deimhnithe agus go ndéantar na hiniúchtaí de réir na gcaighdeán iomchuí agus go n-áirítear leo tástáil ar éifeachtacht na bpríomhrialuithe atá i bhfeidhm;
- f) go bhfuil sé de cheart conarthach aige a iarraidh go leathnófaí raon feidhme na ndeimhnithe nó na dtuarascálacha iniúchóireachta chuig córais agus rialuithe

- ábhartha eile an CSP; ba cheart go mbeadh líon agus minicíocht na n-iarrataí sin ar mhodhnú raon feidhme réasúnta agus dlisteanach ó thaobh bainistiú riosca de;
- g) go gcoimeádann sé an ceart conarthach iniúchtaí aonair ar an láthair a dhéanamh dá rogha féin maidir leis an bhfeidhm seachfhoinsithe.

39. Ba cheart do ghnólacht a áirithiú, sula dtabharfaidh tríú páirtí arna cheapadh ag an ngnólacht cuairt ar an láthair, lena n-áirítear tríú páirtí arna cheapadh ag an ngnólacht (iniúcháir mar shampla), go dtabharfar réamhfhógra laistigh de thréimhse ama réasúnach don CSP, mura rud é nach féidir réamhfhógra a thabhairt go luath mar gheall ar chás éigeandála nó géarchéime nó go mbeadh cás mar thoradh air nach mbeadh an t-iniúchadh éifeachtach a thuilleadh. Ba cheart go n-áireofaí san fhógra sin suíomh, cuspóir na cuairte agus an pearsanra a ghlacfaidh páirt sa chuairt.
40. Ós rud é go bhfuil ardleibhéal castachta teicniúla ag baint le néalseirbhísí agus go n-eascaíonn dúshlán shonracha dlínse astu, ba cheart na scileanna agus an t-eolas ceart a bheith ag na baill foirne a dhéanann an t-iniúchadh – ar iniúcháirí inmheánacha an ghnólachta nó na n-iniúcháirí iad atá ag gníomhú thar a gceann – d’fhonn measúnú ceart a dhéanamh ar na néalseirbhísí ábhartha agus d’fhonn iniúchadh éifeachtach ábhartha a dhéanamh. Ba cheart feidhm a bheith aige sin freisin maidir le foireann na ngnólachtaí a dhéanann athbhreithniú ar na deimhnithe nó ar na tuarascálacha iniúcháireachta arna soláthar ag an CSP.

Treoirline 7. Fochonraitheoireacht

41. Má cheadaítear fochonraitheoireacht feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha (nó codanna ábhartha díobh), ba cheart don chomhaontú maidir le néal-seachfhoinsíú idir an gnólacht agus an CSP an méid seo a leanas a dhéanamh:
- a) aon chuid nó an ghné den fheidhm seachfhoinsithe atá eisiata ó fhochonraitheoireacht a d’fhéadfadh a bheith ann a shonrú;
 - b) na coinníollacha a shonrú a bheidh le comhlíonadh i gcás fochonraitheoireacht;
 - c) a shonrú go bhfuil an CSP fós cuntasach agus go bhfuil sé d’oibleagáid air maoirseacht a dhéanamh ar na seirbhísí sin atá faoi fhochonradh aige chun a áirithiú go gcomhlíonfar go leanúnach na hoibleagáidí conarthacha uile idir an CSP agus an gnólacht;
 - d) oibleagáid a áireamh ar an CSP fógra a thabhairt don ghnólacht maidir le haon fhochonraitheoireacht atá beartaithe, nó athruithe ábhartha orthu, go háirithe i gcás ina bhféadfadh sé sin difear a dhéanamh do chumas an CSP a chuid oibleagáidí faoin socrú néal-seachfhoinsithe leis an ngnólacht a chomhlíonadh. Leis an tréimhse fógra a leagtar síos sa chomhaontú i scríbhinn, ba cheart am leordhóthanach a thabhairt don ghnólacht, ar a laghad, chun measúnú riosca a dhéanamh ar an bhfochonraitheoireacht atá beartaithe nó ar na hathruithe

ábhartha air agus chun agóid a dhéanamh ina gcoinne nó iad a fhormheas go sainráite, mar a léirítear i bpointe (e) thíos;

- e) a áirithiú go bhfuil sé de cheart ag an ngnólacht agóid a dhéanamh i gcoinne na fochonraitheoireachta atá beartaithe, nó i gcoinne athruithe ábhartha a bhaineann leis sin, nó go mbeidh gá le formheas sainráite sula dtiocfaidh an fhochonraitheoireacht nó na hathruithe ábhartha atá beartaithe i bhfeidhm;
- f) a áirithiú go bhfuil an ceart conarthach ag an ngnólacht an socrú néal-seachfhoinsithe leis an CSP a fhoirceannadh i gcás ina ndéanann sé agóid i gcoinne na fochonraitheoireachta atá beartaithe nó i gcoinne athruithe ábhartha a bhaineann leis agus i gcás fochonraitheoireacht mhíchuí (mar shampla i gcás ina dtéann an CSP ar aghaidh leis an bhfochonraitheoireacht gan fógra a thabhairt don ghnólacht nó i gcás ina sáraíonn sé go mór coinníollacha na fochonraitheoireachta a shonraítear sa chomhaontú seachfhoinsithe).

42. Ba cheart don ghnólacht a áirithiú go ndéanfaidh an CSP maoirseacht iomchuí ar an bhfochonraitheoir.

Treoirlíne 8. Fógra i scríbhinn chuig na húdaráis inniúla

43. Ba cheart don ghnólacht fógra a thabhairt i scríbhinn dá údarás inniúil go tráthúil faoi shocruithe néal-seachfhoinsithe atá beartaithe, agus a bhaineann le feidhm chriticiúil nó thábhachtach. Ba cheart don ghnólacht fógra a thabhairt freisin, go tráthúil agus i scríbhinn, dá údarás inniúil faoi na socruithe néal-seachfhoinsithe sin a bhaineann le feidhm a aicmíodh roimhe sin mar fheidhm neamhchriticiúil nó neamhthábhachtach, agus anois atá criticiúil nó tábhachtach.

44. Ba cheart an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad a áireamh san fhógra i scríbhinn ón ngnólacht, agus prionsabal na comhréireachta á chur san áireamh:

- a) dáta tosaigh an chomhaontaithe néal-seachfhoinsithe agus, de réir mar is infheidhme, an chéad dáta athnuachana conartha eile, an dáta deiridh agus/nó tréimhsí fógra le haghaidh an CSP agus an ghnólachta araon;
- b) cur síos gairid ar an bhfeidhm seachfhoinsithe;
- c) achoimre ghairid ar na cúiseanna a meastar an fheidhm seachfhoinsithe a bheith criticiúil nó tábhachtach dá mbarr;
- d) ainm agus ainm branda (más ann dó) an CSP, a thír chlárúcháin, a uimhir chlárúcháin chorparáideach, a aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (i gcás ina bhfuil sé ar fáil), a sheoladh cláraithe, a shonraí teagmhála ábhartha, agus ainm a mháthairchuideachta (más ann di);
- e) dlí rialaithe an chomhaontaithe néal-seachfhoinsithe agus, más ann dó, an rogha dlínse;
- f) na samhlacha cur chun úsáide néil agus cineál sonrach na sonraí atá le coinneáil ag an CSP agus na suíomhanna (eadhon réigiúin nó tíortha) ina stórálfar na sonraí sin;

- g) dáta an mheasúnaithe is déanaí ar chriticiúlacht nó ar thábhacht na feidhme seachfhoinsithe;
- h) dáta an mheasúnaithe riosca nó an iniúchta is déanaí ar an CSP mar aon le hachóimre ghairid ar na príomhthorthaí, agus dáta an chéad mheasúnaithe riosca nó iniúchta eile atá beartaithe;
- i) an duine aonair nó an comhlacht cinnteoireachta sa ghnólacht a d'fhormheas an socrú néal-seachfhoinsithe;
- j) i gcás inarb infheidhme, ainmneacha aon fhoichonraitheora a ndéantar codanna ábhartha d'fheidhm chriticiúil nó thábhachtach a chur faoi fhoichonraitheoireacht chucu, lena n-áirítear an tír nó an réigiún ina gcláraítear na fochonraitheoirí, áit a ndéanfar an tseirbhís atá faoi fhoichonradh, agus an áit a stórálfar na sonraí;

Treoirlíne 9. Maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe néal-seachfhoinsithe

- 45. Ba cheart do na húdaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as socruithe néal-seachfhoinsithe gnólachtaí mar chuid dá bpróiseas maoirseachta. Go háirithe, ba cheart go ndíreodh an measúnú sin ar na socruithe a bhaineann le seachfhoinsiú feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha.
- 46. Ba cheart do na húdaráis inniúla a bheith sásta go bhfuil siad in ann maoirseacht éifeachtach a dhéanamh, go háirithe nuair a sheachfhoinsíonn gnólachtaí feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha a dhéantar lasmuigh den Aontas.
- 47. Ba cheart d'údaráis inniúla measúnú a dhéanamh ar chur chuige rioscabhunaithe i dtaobh cibé an ndéanann gnólachtaí an méid seo a leanas:
 - a) na próisis ábhartha rialachais, acmhainní agus oibríochtúla a bheith i bhfeidhm acu chun dul i mbun socruithe néal-seachfhoinsithe, iad a chur chun feidhme agus maoirseacht a dhéanamh orthu go hiomchuí agus go héifeachtach;
 - b) na rioscaí ábhartha uile a bhaineann le néal-seachfhoinsiú a shainaithint agus a bhainistiú.
- 48. I gcás ina sainaithnítear rioscaí comhchruinnithe, ba cheart d'údaráis inniúla faireachán a dhéanamh ar fhorbairt rioscaí mar sin agus meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar ghnólachtaí eile a ndéanann siad maoirseacht orthu agus ar chobhsaíocht an mhargaidh airgeadais araon.